Smaoineamh: Níochán Cairr Éiceabhách

Tá bealaí éagsúla ann lena níonn daoine a ngluaisteáin, mar shampla, sa bhaile le píobán nó le buicéad nó ag niteoirí gluaisteán gairmiúla ag baint úsáide as modhanna iompróra, uathoibríocha i mbánna agus féinseirbhíse.

Cé mhéad uisce a úsáidtear le níochán gluaisteán?

- Is féidir idir 100 agus 300 lítear uisce a úsáid trí do ghluaisteán a ní sa bhaile le píobán
- Is féidir, ar an meán, thart ar 144 lítear uisce a úsáid trí do ghluaisteán a ní ag niteoir caighdeánach gluaisteán

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go n-úsáideann go leor seirbhísí níocháin gluaisteán teicneolaíocht aisghabhála uisce agus/nó scagacháin de chineál éigin.

FÍORAS!
TRÍ NÍOCHÁN CAIRR ÉICEABHÁCHN A ÚSÁID, IS FÉIDIR MÉID NACH MÓ NÁ 3 LÍTEAR IN AGHAIDH AN GHLUAISTEÁIN A ÚSÁID

- TÁ NÍOCHÁN GLUAISTEÁN GAN UISCE ANN FIÚ!

Is féidir uisce a choigilt trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Gan do ghluaisteán a ní ach amháin nuair is gá déanamh amhlaidh
- Dul chuig níochán cairr éiceabhách
- An gluaisteán a ní sa bhaile (is féidir sin a dhéanamh le 3 bhuicéad beaga)

Ina theannta sin, tá sé níos sábháilte táirgí glantacháin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid agus féadann siad truailliú uisce a laghdú.

Cén fáth a bhfuil sé seo úsáideach?

Trí úsáid niteoirí gluaisteán a laghdú agus modhanna éiceabhácha a úsáid nuair is féidir, laghdaítear ár n-úsáid uisce, rud atá tábhachtach go háirithe i rith míonna an tsamhraidh, cosnaíonn sé níos lú, laghdaíonn sé truailliú uisce agus cosnaíonn sé an comhshaol.

Dushlán Níochán Cairr Éiceabhách



An raibh do ghluaisteán faoi ionsaí ón aer ag éin áitiúla? Má bhí, bain triail as éiciniteoir gluaisteán chun an fód a sheasamh!

CÉARD ATÁ AG TEASTÁIL UAIT?

- Gluaisteán salach
- Leanaí agus lámha
- Lámhainní
- Báisín ina bhfuil uisce
- Spúinse nó éadach
- Leacht níocháin éiceabhách
- Buidéal spraeála nó gunnaí uisce má tá siad agat

Nóta: Tá gá le maoirseacht aosach ar shábháilteacht, chun báisíní a líonadh agus buidéil agus gunnaí uisce a athlíonadh



AN RUD LE DÉANAMH...

- Más féidir, nigh do ghluaisteán ar d'fhaiche nó os cionn talún ionas gur féidir an fuíolluisce a ionsú agus a neodrú san ithir, in ionad sreabhadh go díreach isteach i ndraenacha stoirme nó i ndobharlaigh oscailte.
- Líon buidéal spraeála/gunna uisce le huisce te gallúnaí agus spraeáil do ghluaisteán chun an salachar a scaoileadh.
- Nóta: Líon suas de réir mar is gá ag baint úsáide as crúiscín uisce agus déan iarracht taifead na líonta a choinneáil chun an méid iomlán uisce a úsáidtear le haghaidh glantacháin a ríomh.
- Faigh éadach agus báisín te uisce chun an gluaisteán a ghlanadh. Líon de réir mar is gá, agus coinnigh cuntas ar an méid uisce a úsáideadh. Nóta: caith lámhainní don chuid seo chun salachar gluaisteáin a sheachaint.
- Cuir uisce neamhghallúnaí ar an ngluaisteán chun salachar agus gallúnach atá fágtha a bhaint. Nóta: má tá buta uisce agat d'fhéadfá an t-uisce seo a úsáid le sruthlú.
- Is féidir gluaisteáin a thriomú san aer nó iad a thriomú le ceirt ghlan thirim.
- Ina theannta sin, déan iarracht na locháin sobalacha sin atá fágtha ag an deireadh a scaipeadh nó a ghlanadh. Tá iarmhair thocsaineacha iontu (e.g. ola, iarmhar ó mhúch sceite) agus d'fheadfaí ainmhithe a bhfuil tart orthu a mhealladh.
- Nigh do lámha mar is ceart le huisce glan agus le gallúnach.
- Déan an méid uisce a úsáideadh a ríomh agus cuir sin i gcomparáid leis an méid a úsáidtear i niteoir gluaisteán.
- Agus ar ndóigh, bain sásamh as an obair dhian a rinne tú.

LEID!
B'FHÉIDIR GO N-EAGRÓFAÍ DÚSHLÁN UM GHLANADH GLUAISTEÁN; CÉ ATÁ IN ANN A LEATH FÉIN DEN GHLUAISTEÁN A GHLANADH SA CHÉAD ÁIT?
NÓ
D'FHÉADFAÍ ÉIN ÁITIÚLA A AITHINT AGUS FÍRIC A FHOGHLAIM FÚTHU.

CONCLÚID...

Cá mhéad buidéal spraeála/gunna uisce ar bhain tú úsáid astu? Cá mhéad báisín ar bhain tú úsáid astu? An gceapann tú gur coiglíodh níos mó uisce le do niteoir láimhe ná an méid a úsáidtear le niteoir gluaisteán? An raibh sé níos spraiúla ná mar a mheas tú go mbeadh sé? An measann tú go ndéanfá é an athuair? Céard a bhí á ithe ag na héin áitiúla, dar leat? (uaireanta is féidir bia a aithint trína gcac!)